Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/775

31.3.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/775 ÓN gCOMHAIRLE

## an 30 Márta 2026

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012.

(2) Tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar na hiontrálacha a bhaineann le daoine agus eintitis ainmnithe áirithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin agus tháinig sí ar an gconclúid gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le seisear agus le dhá eintiteas a bhaint den Iarscríbhinn sin. Ba cheart cúig iontráil a áirítear san Iarscríbhinn sin a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. PANAYIOTOU

---

([1]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/267/oj.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', fo-cheannteideal 'A. Daoine', scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

3. Dr Hoseyn (Hossein) FAQIHIAN

6. Said Esmail KHALILIPOUR

20. Behzad SOLTANI;

(2) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', fo-cheannteideal 'A. Daoine', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 7:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '7. | Ali Reza KHANCHI | Seoladh NRC: AEOI-NRC P.O. Box: 11365-8486, Tehran, an Iaráin;<br>Facs: (+9821) 8021412<br>Inscne: fireann | Is eolaí núicléach é Ali Reza Khanchi atá cleamhnaithe le hInstitiúid Taighde Eolaíochta agus Teicneolaíochta Núicléiche na hIaráine (NSTRI).<br>Is comhlacht taighde atá liostaithe ag an Aontas é NSTRI atá cleamhnaithe ar leibhéal oifigiúil le Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI).<br>Dá bhrí sin, tá Ali Reza Khanchi ag gabháil do ghníomhaíochtaí leata núicléach na hIaráine agus tá tacaíocht á tabhairt aige dóibh. | 29.9.2025<br>(23.4.2007, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann'; |

(3) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', fo-cheannteideal 'B. Eintitis', scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

5.(b) Assa Corporation

5.(c) Assa Company Ltd;

(4) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', fo-cheannteideal 'B. Eintitis', cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad iontrálacha 46 agus 104:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '46. | EMKA Company | Seoladh: P.O. Box 14155-1339, Tehran, an Iaráin | Tá Emka Company gníomhach i dtionscal núicléach na hIaráine. Is fochuideachta de TAMAS Company é Emka Company, ar cuideachta speisialaithe é chun amhábhair agus breosla núicléach a tháirgeadh san Iaráin. Tá EMKA Company freagrach go sonrach as oibríochtaí taiscéalaíochta, mianadóireachta agus próiseála mianraí laistigh de thimthriall an bhreosla núicléach.<br>Ina theannta sin, in 2023, shínigh EMKA comhaontú comhair le AEOI, i measc eagraíochtaí eile, chun luasaire a thógáil.<br>Dá bhrí sin, tá EMKA Company ag gabháil do ghníomhaíochtaí leata núicléach na hIaráine agus tá tacaíocht á tabhairt aige dóibh. | 29.9.2025<br>(23.5.2011, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann) |
| 104. | Central Bank of Iran<br>(ar a dtugtar freisin Central Bank of the Islamic Republic of Iran, ar a dtugtar freisin Bank Markazi Jomhouri Islami Iran) | Seoladh: 213 Ferdowsi Avenue, 11365 Tehran, an Iaráin; Mirdamad Blvd, 144 - P.O. Box 15875/7/77, Tehran, an Iaráin; PO Box 15875/7177, 144 Mirdamad Blvd, Tehran, an Iaráin<br>P.O. Box: 15875 / 7177<br>Láthair an chláraithe: An Iaráin<br>Dáta clárúcháin: 1960<br>Uimhir Chlárúcháin: 4296905415<br>SWIFT/BIC: BMJIIRT1<br>Suíomh gréasáin: http://www.cbi.ir<br>Rphost: G.SecDept@cbi.ir | Cuireann an Central Bank of Iran tacaíocht airgeadais ar fáil do IRGC, atá ag gabháil do chláir núicléacha agus diúracán na hIaráine. Ina theannta sin, ina cháil mar bhanc ceannais, cuireann sé seirbhísí airgeadais ar fáil do Rialtas na hIaráine, atá ar cheann dá chliaint.<br>Dá bhrí sin, tá Central Bank of Iran ag tacú le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de agus le Rialtas na hIaráine. | 29.9.2025<br>(23.1.2012, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)'; |

(5) faoin gceannteideal 'III. Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL)', sa liosta faoin bhfo-cheannteideal 'A. Daoine' scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

1. Mohammad Hossein Dajmar

3. Naser Bateni

8. Gholam Hossein Golparvar;

(6) faoin gceannteideal 'III. Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL)', fo-cheannteideal 'B. Eintitis', cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad iontrálacha 43 agus 158:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '43. | Good Luck Shipping Company | Seoladh: Office 206/207 Malik Saeed, Ahmad Ghabbash, Bur Dubai, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha<br>Seoladh: P.O. Box 5562, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha<br>Seoladh: P.O. Box: 8486, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha<br>Seoladh: P.O. Box 8486, Office 206/207, Ahmad Ghubash Building, Oud Mehta, Bur Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | Soláthraíonn Good Luck Shipping seirbhísí loingseoireachta agus lóistíochta do Hafiz Darya Shipping Lines (HDSL), eintiteas ainmnithe atá cleamhnaithe le Islamic Republic of Iran Shipping Lines (IRISL), agus don Petrochemical Commercial Company (PCC), cuideachta atá faoi úinéireacht Iran's Ministry of Petroleum. | 29.9.2025<br>(1.12.2011, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann) |
| 158. | Hafiz Darya Shipping Lines (HDSL)<br>(ar a dtugtar freisin HDS Lines) | Seoladh: No. 60, Ehteshamiyeh Square, 7th Neyestan Street, Pasdaran Avenue, Tehran, an Iaráin<br>Doiciméad clárúcháin gnó # 5478431, a eisíodh i mí an Mhárta 2009<br>Uimhir IMO: 5878431; in 2009 a bunaíodh | Gníomhaíonn Hafiz Darya Shipping Lines (HDSL) mar chuideachta chaoch do IRISL. Tá soithí faoi úinéireacht nó á n-oibriú aige a n-aithnítear gurb é Islamic Republic of Iran Shipping Line (IRISL) an t-úinéir tairbhiúil orthu. Dá réir sin, tá HDSL ag gníomhú thar ceann IRISL. | 29.9.2025<br>(27.11.2013, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)'. |